Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2021
(OR. en)

9452/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0132(NLE)**

ACP 51
FIN 418
PTOM 13

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 275 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe leis an gCiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 275 final.

Faoi iamh: COM(2021) 275 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.6.2021
COM(2021) 275 final

2021/0132 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe leis an gCiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2021**

GA

GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Baineann an togra le Dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an dara tráthchuid de na ranníocaíochtaí airgeadais leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF) a bheidh le híoc ag na páirtithe le CEF in 2021.

Déantar an 11ú CEF agus cistí CEF eile atá fós oscailte (mar shampla, an tOchtú, an Naoú agus an 10ú CEF) a bhainistiú faoin sraith rialacha seo a leanas:

An Comhaontú Comhpháirtíochta atá ann faoi láthair idir baill den Ghrúpa de Stáit san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) ar thaobh amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit ar an taobh eile (an 'Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE') mar a leasaíodh go deireanach[1],

Cinneadh Uimh. 2/2020[2] de Choiste Ambasadóirí ACC-AE an 4 Nollaig 2020 chun Cinneadh Uimh 3/2019[3] de Choiste Ambasadóirí ACC-AE a leasú chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh de bhun Airteagal 95(4) de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE chun síneadh breise a chur le cur i bhfeidhm fhorálacha Chomhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE go dtí an 30 Samhain 2021, nó go dtí go dtiocfaidh Comhaontú ACC-AE nua ('an Comhaontú nua') i bhfeidhm, nó go ndéanfar an Comhaontú nua a chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Stáit ACC, cibé acu is túisce.

Cinneadh (AE) 2020/2233 ón gComhairle maidir le gealltanas na gcistí a eascraíonn ó athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC maidir le hoibríochtaí faoin 9ú, faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta[4].

An Comhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad cruinnithe i dtionól den Chomhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais do na Tíortha agus na gCríoch Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[5] (an 11ú 'Comhaontú Inmheánach' de chuid CEF).

Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta[6] (an '11ú Rialachán Airgeadais CEF').

Tá sna doiciméid thuasluaite gealltanais ilbhliantúla ó na páirtithe chuig CEF tacaíocht a thabhairt do chisteán CEF ó thaobh airgeadais de. Déantar foráil san 11ú Rialachán Airgeadais CEF maidir le ranníocaíochtaí tráthrialta atá le déanamh ag na páirtithe chuig CEF isteach sa chisteán CEF i leith gealltanais airgeadais réamhchinnte. Is de bharr Cinntí teicniúla ón gComhairle a dhéantar na ranníocaíochtaí tráthrialta, agus cuirtear san áireamh sna Cinntí sin cur chun feidhme na ngealltanas airgeadais a cinneadh cheana.

---

1 IO L 317, 15.12.2000, lch. 3
2 IO L 420, 14.12.2020, lch. 32
3 IO L 1, 3.1.2020, lch. 3
4 IO L 438, 28.12.2020, lgh. 188-191
5 IO L 210, 6.8.2013, lch. 1
6 IO L 307, 3.12.2018, lgh. 1-21

Dá bhrí sin, i dtaca le roinnt de na ceannteidil sa mheabhrán míniúcháin, níl na ceannteidil sin infheidhme maidir le glaonna ar ranníocaíochtaí tráthrialta mar an gceann seo.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

I gcomhréir le hAirteagal 19(3) den 11ú Rialachán Airgeadais CEF, ní mór don Chomhairle cinneadh a dhéanamh faoin togra seo tráth nach déanaí ná 21 lá féilire tar éis don Choimisiún Eorpach, ag feidhmiú dó thar ceann an Aontais Eorpaigh, an togra seo a chur i láthair.

2021/0132 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe leis an gCiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2021

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad cruinnithe i dtionól den Chomhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh cúnaimh airgeadais le haghaidh na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo[7], agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323[8] CEF (dá ngairtear 'an 11ú Rialachán Airgeadais CEF' anseo feasta), agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 19 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle[9], tá an Coimisiún Eorpach le togra a chur i láthair faoin 15 Meitheamh 2021 lena sonrófar méid an dara tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2021, méid bliantúil athbhreithnithe na ranníocaíochta le haghaidh 2021, i gcás nach mbeidh an méid ag teacht leis na riachtanais iarbhír.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, an 6 Aibreán 2021, tá meastacháin nuashonraithe an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) maidir le gealltanais agus íocaíochtaí faoi na hionstraimí a ndéanann sé bainistíocht orthu seolta ag BEI chuig an gCoimisiún.

(3) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, foráiltear go n-ídeofar ar dtús, agus glaonna á ndéanamh ar ranníocaíochtaí, na méideanna dá bhforáiltear i gCistí Eorpacha Forbraíochta (EDFanna) roimhe seo. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 do BEI agus don Choimisiún.

---

7 IO L 210, 6.8.2013, lch. 1

8 IO L 58, 3.3.2015, lgh. 17-38

9 Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 (IO L 307, 3.12.2018, lch. 7.)

(4) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an comhaontú um tharraingt siar'), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an 'Ríocht Aontaithe') chun leanúint de bheith ina bpáirtithe in CEF go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, de bhun Airteagal 153 den chomhaontú um tharraingt siar, níltear chun sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF nó faoi CEFanna roimhe sin a athúsáid, i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020.

(5) Le Cinneadh (AE) 2020/1708 ón gComhairle[10], socraítear méid bliantúil ranníocaíochtaí CEF le haghaidh 2021 ag EUR 3 700 000 000 don Choimisiún Eorpach agus ag EUR 300 000 000 don Bhanc Eorpach Infheistíochta.

(6) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfaidh na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta ranníocaíochtaí aonair an Chiste Eorpaigh Forbraíochta a íoc leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, mar an dara tráthchuid le haghaidh 2021, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

10 Cinneadh (AE) 2020/1708 ón gComhairle an 13 Samhain 2020 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na Ballstáit chun an Ciste Eorpach Forbraíochta a mhaoiniú, lena n áirítear an uasteorainn le haghaidh 2022, an méid bliantúil le haghaidh 2021, an chéad tráthchuid le haghaidh 2021 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024 (IO L 385, 13.11.2020, lch. 13).